# Post samhraidh ar an mBlascaod Mór

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fhógra poist atá ag tarraingt go leor cainte ar fud an domhain. Cén Ghaeilge atá ar na focail/ frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- responsibilities
- manage the café
- the interest was not expected
- responsible for
- torrent of applications
- idle
- in the heart of the season
- ogle, stare at the lovely sights
- without electricity
- the couple
- it will take them a long time, they'll struggle to

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.




**Ceist 2** Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad atá i gceist leis an dá phost atá fógartha?
2. Cén fáth a raibh iontas an domhain ar úinéirí an chaifé?
3. Cá fhad a mhairfidh na poist?

**Ceist 3** Fotheidil a chur leis an mír:

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí fotheidil leis na habairtí seo a bhí i mBéarla sa mhír:

→ *They're coming from all over.*
→ *They're coming from Canada, Alaska and Iran.*
→ *Interest to escape regular life.*
→ *No electricity, so definitely no luxury, starting with the shower, a cold shower in the morning.*

**Ceist 4** ‘…trí cinn…’

Tá leagan iolra ar leith ag ainmfhocail áirithe. Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos agus cuir an leagan ceart den ainmfhocal sna bearnaí:

cúig (ceann): _____
trí (seachtain): _____
seacht (bliain): _____
naoi (trian): _____
sé (uair): _____
dhá (cloigeann): _____

**Ceist 5** Tá go leor nathanna cainte sa Ghaeilge a bhfuil na focail ‘siar’ agus ‘thiar’ iontu. Cad is brí leis na cinn seo a leanas? Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú:

*bain siar as*
*cuir siar rud*
*caith siar*
*taobh thiar aniar*
*deireadh thiar thall*

**Ceist 6** Pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat.

Cad iad na scileanna agus na tréithe pearsantachta a bheadh ag teastáil chun an post samhraidh ar an mBlascaod Mór a dhéanamh?

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**

responsibilities – *cúraimí*
manage the café – *an caifé a bhainistiú*
the interest was not expected – *ní raibh aon choinne leis an spéis*
responsible for – *freagrach as*
torrent of applications – *rabharta iarratas*
idle – *díomhaoin*
in the heart of the season – *i gcroílár na biaiste*
ogle, stare at the lovely sights – *lán súl a bhaint as na radhairc bhreátha*
without electricity – *in éagmais aibhléise*
the couple – *an lánúin*
it will take them a long time, they'll struggle to – *beidh thiar orthu*

**Ceist 2**

Féach an script.

**Ceist 3**

→ Tá siad ag teacht ó i bhfad i gcéin.
→ Tá siad ag teacht ó Cheanada, ó Alasca agus ón Iaráin.
→ Suim éalú ón ngnáthshaol.
→ Gan leictreachas, i bhfad ó shaol na bhfuíoll, ag tosú leis an gcith, cith fuar na maidine.

**Ceist 4**

| | |
|---|---|
| cúig (ceann): | *cinn* |
| trí (seachtain): | *seachtaine* |
| seacht (bliain): | *mbliana* |
| naoi (trian): | *dtreana* |
| sé (uair): | *huaire* |
| dhá (cloigeann): | *chloigeann* |

**Ceist 5**

bain siar as – *take aback*
cuir siar rud – *postpone something*
caith siar – *throw back*
taobh thiar aniar – *back to front*
deireadh thiar thall – *at long last*

**Ceist 6**

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin an cheist a phlé leis an rang iomlán.

**Siún Nic Gearailt**
Anois, tá breis is 23,000 míle iarratas déanta ar dhá phost samhraidh ar an mBlascaod Mór. Cúraimí lóistín agus an caifé a bhainistiú atá i gceist. Deir úinéirí an chaifé nach raibh aon choinne acu leis an spéis atá léirithe sa dá phost.

**Seán Mac an tSíthigh**
Ghnáth-fhógra poist a bhí ann – beirt á lorg i gcomhair an tsamhraidh. Ach ní raibh aon choinne leis an spéis seo.

Beidh an bheirt a cheapfar i mbun cúraim sa chaifé beag atá ar an oileán agus beidh siad freagrach as trí cinn de thithe lóistín. Beidh na hoibrithe ag maireachtaint[1] ar an oileán i gcaitheamh an ama ar fad.

D'fhógair Billy O'Connor agus Alice Hayes an fógra ar na meáin shóisialta seachtain ó shin. Tá an scéal imithe ar fud an domhain. É clúdaithe ag na meáin in áiteanna cosúil le Meiriceá, an Astráil agus sa Mheán Oirthear.

Deir Billy O'Connor nach raibh aon choinne ag an mbeirt acu leis an rabharta iarratas.

Cuirfear tús leis an séasúr turasóireachta sa Bhlascaod i mí an Aibreáin agus mairfidh sé go dtí mí Dheireadh Fómhair. Ní bheidh na hoibrithe ansin istigh díomhaoin, go leor le déanamh go mórmhór i gcroílár an bhiaiste[2]. Gan dabht, féadfaidh an bheirt a cheapfar lán na súl a bhaint as na radharcanna breátha[3]. Ach beidh a ndóthain le déanamh ag na hoibrithe – ag réiteach lóistín, ag déanamh bricfeasta agus ag tál caife agus é sin ar fad in éagmais aibhléise.

Tá freagra tugtha ag an lánúin ar nach mór míle iarratas go dtí seo, ach deirid[4] go mbeidh thiar orthu teagmháil a dhéanamh le gach aon duine.

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4, Corca Dhuibhne.

[1] *ag maireachtáil* an leagan caighdeánach
[2] *na biaiste* an leagan caighdeánach
[3] *radhairc bhreátha* an leagan caighdeánach
[4] *deir siad* an leagan caighdeánach